Fódú
SCÉIM URRAÍOCHTA

# Scéim Urraíochta d'Imeachtaí agus do Thionscadail sna Taibhealaíona Teangabhunaithe

## Critéir agus Eolas

**Comhthéacs:** Tá an scéim phíolótach mhaoinithe seo deartha chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'imeachtaí agus do thionscadail sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge ag freagairt do Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Ceithre Bliana an Oireachtais, faoi threoir na Straitéise d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge 2024 – 2027.

Síoltacaíocht le borradh a chur faoi na taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta, chun forbairt freastail a chothú trí ghníomhaíochtaí ar ardchaighdeán a chur os comhair an phobail.

Áireofar tionscadail, féilte, imeachtaí, fóraim agus eile faoin scéim seo.

## Tá dhá phríomhchuspóir ag an Scéim seo:

I) Rannpháirteachas sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge a spreagadh ar bhonn naisiúnta; &
II) Tacú le healaíontóirí iad féin a chur in iúl go cruthaitheach, breis deiseanna a bheith ar fáil dóibh lena gcuid saothar a chur os comhair an phobail agus a ngairm bheatha a chothú.

## Aidhmeanna na Scéime

- Taibhealaíona na Gaeilge a bheith beo, bríomhar, ar bhonn náisiúnta.
- Pobal níos leithne a spreagadh le freastal ar imeachtaí ealaíon Gaeilge.

- Maoiniú a sholáthar d' ionaid, do choistí agus do ghrúpaí gur mian leo eispéireas ar ardchaighdeán ealaíne a fhorbairt agus a léiriú.
- Comhpháirtíochtaí a éascú agus a spreagadh.
- Líon níos mó deiseanna a bheith ar fáil do chleachtóirí sna taibhealaíona lena gcuid saothar cruthaitheach a chur os comhair an phobail.
- Deiseanna úrnua léirithe a bheith ar fáil chun na taibhealaíona traidisiúnta Gaeilge a sheachadadh chuig an mórphobal d'fhonn cuidiú lena gcaomhnú.
- Deiseanna úrnua léirithe a bheith ar fáil chun na taibhealaíona comhaimseartha Gaeilge a chur os comhair an phobail d'fhonn iad a chothú agus a chur chun cinn.
- Gréasáin a bhunú agus a chothú i measc daoine atá tiomanta do na healaíona, ó thaobh freastal ar imeachtaí, reáchtáil imeachtaí agus stocaireacht a dhéanamh ar son na n-ealaíon teangabhunaithe Gaeilge.

**Ciste: Uasmhéid** tacaíochta de **€2,500** atá ar fáil i leith imeachtaí/tionscadal incháilithe.

Tá an tacaíocht mhaoinithe dírithe ar na costais a bhaineann leis an imeacht/tionscadal a reáchtáil, mar shampla, táillí na n-ealaíontóirí, cíos ionaid/trealamh/riarachán (sa chás nach ionad atá ag déanamh an iarratais), margaíocht, agus costais eile a bhaineann leis an imeacht/tionscadal ar ardchaighdeán a reáchtáil.

**Samplaí d' imeachtaí agus de thionscadail a d'fhéadfaí a mhaoiniú**

- Imeachtaí rannpháirtíochta agus léirithe sna healaíona béil **(scéalaíocht, aithriseoireacht, lúibíní, agallaimh bheirte, sceitse, filíocht bhéil, rapcheol, amhránaíocht, scoraíocht)**
- Imeachtaí sna taibhealaíona Gaeilge i gcomhpháirtíocht le leabharlanna, ionaid ealaíon, gréasáin nó eile.
- Síoltacaíocht d'fhéile ealaíon/pobail nuabhunaithe ina mbeadh na healaíona teangabhunaithe Gaeilge lárnach; agus/nó
- Tacaíocht d'fhéilte fadbhunaithe le haghaidh **imeachtaí taibhealaíon trí mheán na Gaeilge amháin.**
- Sraith imeachtaí nó tionscadail nuálacha samhlaíocha a chuireann béim ar na healaíona teangabhunaithe Gaeilge.
- **Meantóireacht** ó chleachtóirí aibí, aitheanta, do chleachtóirí úra /atá ag teacht chun cinn.

***Níl anseo ach treoir agus samplaí de réimsí maoinithe na scéime seo.***

***Tá sé riachtanach plé a bheith déanta ag iarratasóirí leis na hOifigigh Taibhealaíon Réigiúnacha.***

**Uasmhéid na nDeontas a Dhámhfar:**

- **€2,500** do ghrúpaí i dtreo tionscadail ealaíon a bheadh beartaithe i gcomhar le hionaid/rialtais áitiúla/grúpaí eile.
- **€1,500** d'fhéilte i dtreo míreanna teangabhunaithe Gaeilge (sraith ócáidí scéalaíochta, filíochta, amhránaíochta agus srl.)
- **€1,500** do ghrúpaí i dtreo meantóireacht ealaíne/ócáidí malartaithe cleachtais le saineolaithe ealaíon.

## Cé air a bhfuil an Scéim dírithe?

- Grúpaí ealaíon/pobail;
- Eagraíochtaí ealaíon/pobail;
- Ionaid ealaíon/cultúrtha/pobail;
- Dreasadóir ealaíon/pobail/cultúir lasmuigh den Ghaeltacht agus lasmuigh den chomhthéacs oideachais foirmeálta;
- Iarratais a bhaineann le himeachtaí/tionscadail don óige:
  Tá imeachtaí/tionscadail a fhreastalóidh ar an óige, ag áireamh gach aoisghrúpa agus leibhéal cumais, cáilithe faoin scéim seo.

*(Nóta: Beidh deiseanna á bhfógairt againn i dtaca le tionscadail óige roimh dheireadh na bliana, 2025.)*

## Conas iarratas a dhéanamh

- Is gá iarratas a chur isteach sé (6) seachtaine**,** ar a laghad, roimh dháta tosaigh na gníomhaíochta atá beartaithe.
- Tá sé riachtanach, sula ndéanfar iarratas, teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Taibhealaíon sa réigiún ina bhfuil an ghníomhaíocht á bheartú (sonraí thíosluaite).
- Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán chun cur síos sonrach a dhéanamh ar an ngníomhaíocht atá beartaithe.
- Tá sé riachtanach an fhoirm a bheith clóite, sínithe ag an iarratasóir, agus curtha isteach ar ríomhphost. Más coiste/eagraíocht atá i gceist tá sé riachtanach go mbeidh an fhoirm sínithe ag an mBainisteoir/gCathaoirleach freisin.

## Conas a dhéanfar measúnú ar na hiarratais?

Tá sé riachtanach an t-iarratas a phlé leis an Oifigeach Taibhealaíon i do réigiún féin. Déanfar na hiarratais a mheas bunaithe ar aidhmeanna na scéime mar aon le caighdeán na healaíne agus tairbhe an smaoinimh.

Cuirfear béim freisin ar dheiseanna rannpháirtíochta sna taibhealaíona Gaeilge a chruthú agus a chur chun cinn; fianaise ar dhea-chleachtas a thabhairt; táillí cuí a íoc le healaíontóirí agus tógfar san áireamh freisin aon bhearnaí/fhéidearthachtaí sa soláthar gníomhaíochtaí taibhealaíon teangabhunaithe Gaeilge sna réigiúin éagsúla.

## Critéir Cháilitheachta

**Ní mór d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh**:

- Tá sé riachtanach go mbeadh an ghníomhaíocht reáchtáilte trí Ghaeilge.
- Tá an scéim oscailte do ghrúpaí & d'eagraíochtaí ealaíon/pobail; d'ionaid phobail, do dhreasadóir ealaíon/pobail/cultúir lasmuigh den Ghaeltacht agus lasmuigh den chomhthéacs oideachais foirmeálta.
- Tá sé riachtanach go dtaispeánfaidh an tionscadal luach ealaíne soiléir agus a thionchar ar an bpobal, is é sin, tionchar ar rannpháirtíocht in imeachtaí ealaíon Gaeilge sa cheantar, ar thacaíocht do chleachtóirí/ealaíontóirí agus luach ar airgead.
- Caithfear na gníomhaíochtaí atá á mbeartú tarlú laistigh de **6 mhí** ón dáta a mbronnfar an maoiniú.

## Tabharfar tús áite do ghníomhaíochtaí:

- a spreagfaidh deiseanna úrnua do na taibhealaíona Gaeilge mar thoradh ar an ngníomhaíocht atá beartaithe.
- a chuirfidh comhpháirtíocht idir ealaíontóirí agus grúpaí pobail chun cinn.
- a spreagfaidh comhpháirtíochtaí úra i réimse na dtaibhealaíon teangabhunaithe Gaeilge.
- a léireoidh cur chuige nuálach samhlaíoch maidir le cur i láthair na n-ealaíon.
- a spreagfaidh comhmhaoiniú agus iarrachtaí le maoiniú breise a thiomsú.

## Nótaí tábhachtacha

- Ciste teoranta atá sa scéim seo agus dá bhrí sin ní bheifear in ann tacú le gach iarratas.
- Ní féidir glacadh leis gur féidir le hiarratasóirí níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh laistigh de thréimhse bliana.
- Ní gá go ndámhfar an t-uasmhéid maoinithe.

## Céard nach bhfuil incháilithe?

- Costais chaipitil (m.sh ceannach trealaimh).
- Iarratas ó ealaíontóirí aonaracha d'fhorbairt a gcleachtas féin go sonrach. (Beidh Scéim Sparánachta á fhógairt ag an Oireachtas ag tús 2026 agus tá scéimeanna maoinithe sparánachta ag an An Chomhairle Ealaíon agus ag Ealaín na Gaeltachta más sa Ghaeltacht atá tú lonnaithe).
- Costais reatha nach mbaineann go díreach leis an ngníomhaíocht atá beartaithe.

- Tionscadail a tharla cheana féin.
- Foilseacháin ceoil ná liteartha.
- Gníomhaíochtaí ceoil uirlise.
- Imeachtaí drámaíochta de chuid compántas amaitéaracha. (Tá pacáiste tacaíochta FÁNA fógartha againn atá oiriúnach dó seo.)
- Imeachtaí sa Ghaeltacht. (Is fiú teagmháil a dhéanamh le hEalaín na Gaeltachta/ Tuismitheoirí na Gaeltachta, Rialtas Áitiúil)
- Cúrsaí oideachais foirmeálta.
- Gníomhaíochtaí atá dírithe go príomha ar airgead a thiomsú do charthanachtaí.
- Imeachtaí spóirt/aclaíochta/áineasa, nach taibhealaíona iad.

**<u>Próiseas Iarratais</u>**

Ní mó d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur isteach:

1. **Foirm Iarratais líonta go soiléir agus go sonrach, curtha ar fáil** (féach thíos)
2. **Cur síos soiléir ar an ngíomhaíocht**, lena n-áirítear:
    - Coincheap agus cuspóirí na gníomhaíochta.
    - Amlíne beartaithe.
    - Mioneolas agus briseadh síos ar bhuiséad.
    - Sonraí ar chomhpháirtithe lárnacha (m.sh. ionaid, ealaíontóirí, grúpaí, rialtais áitiúla nó eile).
    - Cur síos ar lucht féachana/freastail/an spriocphobal.
3. **Ábhar Tacaíochta** (m.sh., CV nó beathaisnéis na n-ealaíontóirí/samplaí de thionscadail a reáchtáladh roimhe seo/litreacha tacaíochta).

**<u>Cad a tharlaíonn má cheadaítear deontas duit?</u>**

Eiseofar litir thairisceana a shonróidh suim an deontais agus na coinníollacha a bhaineann leis. Is gá an litir seo a shíniú agus a chur ar ais chuig **An tOireachtas** mar aon le foirm íocaíochta sula n-íocfar an deontas. Is gá gurb ionann ainm an iarratasóra agus an t-ainm atá ar an institiúid airgeadais (banc, comhar creidmheasa nó eile) a n-íocfar an deontas isteach ann

Beidh gá le foirm thuairisce ghearr a sholáthar mar aon le cúig (5) ghrianghraf (ar a laghad) d'úsáid ilghnéitheach an Oireachtais.

**Nóta Tábhachtach:** Má tá teagmháil dhíreach le daoine óga mar chuid den mhéid atá leagtha amach sa tionscadal beartaithe, is gá a chinntiú, sula gcuirfear tús le haon imeacht go bhfuil faighteoir an deontais ag cloí leis na treoirlínte mar atá siad leagtha síos san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Chun cúnamh agus treoir reatha a fháil chun do bheartas agus do nósanna imeachta a fhorbairt, breathnaigh ar Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach: www.tusla.ie.

**Aitheantas:** Coinníoll de chuid an deontais é go dtabharfar aitheantas poiblí don Oireachtas agus don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Tá na lógónna ar fáil ar an suíomh gréasáin www.antoireachtas.ie agus ní mór iad a bheith breactha isteach ar aon fhoilseacháin/ábhar poiblíochta.

# SCÉIM FÓDÚ

## Foirm Iarratais

### Eolas ar an Iarratasóir

- Ainm Iomlán / Ainm na hEagraíochta/ Duine Aonair/ Coiste *(Ba chóir go mbeadh ainm an iarratasóra mar an gcéanna leis an ainm atá ar an gcuntas bainc)*
- Teagmhálaí:
- Seoladh Ríomhphoist:
- Uimhir Ghutháin:
- Suíomh Gréasáin / Meáin Shóisialta (má bhaineann):

## Eolas ar an nGníomhaíocht

- Teideal na Gníomhaíochta:
- Dáta(í) Beartaithe na Gníomhaíochta:
- Láthair:
- **Cur síos ar an ngníomhaíocht (uasmhéid 200 focal lena n-áirítear: comhthéacs, mianta, rannpháirtithe, spriocanna)**

- **Buiséad mionsonraithe (lena n-áirítear ioncam agus caiteachas beartaithe. Níl anseo ach briseadh síos samplach, le leasú de réir mar is gá)**

| **Costais** | | **Ioncam** |
|---|---|---|
| Táillí Ealaíontóirí | | Foinsí maoinithe an iarratasóra |
| Táillí Eile | | Urraíocht |
| Léiriúchán | | Tacaíocht chomhchineáil |
| Poiblíocht/Margaíocht | | |
| Eile | | |
| | | |
| **Iomlán** | | **Iomlán** |
| **Suim tacaíochta atá a lorg** | | |

An tOireachtas GRÉASÁN NA nGAEL
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 An Próiseas Pleanála Teanga
Foras na Gaeilge
Crannchur Náisiúnta

**Déan cur síos ar an tslí a gcomhlíonann an ghníomhaíocht na critéir agus aidhmeanna na scéime (uasmhéid 300 focal)**

| |
|---|
| |

**Liosta de na torthaí inmhianta (m.sh. líon na ndaoine a bhfuiltear ag súil leo, spriocanna rannpháirtíochta pobail, forbairt ghréasáin, forbairt ealaíne &rl)**

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |
| 5. |

- **Spriocphobail: Cé hiad ?**
- **Líon measta an Lucht Féachana/Éisteachta/Rannpháirtíochta a bheidh ag freastal**
- **Líon Daoine Óga (faoi 18) a bheidh páirteach**
- **Luaigh má tá tacaíocht eile léirithe don ghníomhaíocht (m.sh. spás/trealamh curtha ar fáil):**

Cuir tic sa bhosca más maith leat a bheith ar liosta teagmhála atá ag **An tOireachtas** chun sonraí faoi dheiseanna agus imeachtaí ealaíon a fháil. Is féidir iarraidh orainn do shonraí a bhaint ón liosta am ar bith. ☐

**Nóta:** Tá sé riachtanach an fhoirm a bheith clóite, sínithe ag an iarratasóir, agus curtha isteach ar ríomhphost. Más coiste/eagraíocht atá i gceist tá sé riachtanach go mbeidh an fhoirm sínithe ag an mBainisteoir/gCathaoirleach freisin.

**Dearbhú:**

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a soláthraíodh cruinn agus iomlán.

*Síniú 1*

*(Síniú an Iarratasóra)*

*Síniú 2*

*(Sínithe thar ceann an Choiste/na hEagraíochta)*

- Dáta:
- Teideal/Ról:

Ba cheart **iarratais sínithe** a chur isteach trí ríomhphost chuig: taibhealaíona@antoireachtas.ie

- Ní bhreathnófar ar iarratais nach bhfuil líonta ina iomláine nó lámhscríofa

| **Seicliosta doiciméid faoi cheangal** | |
|---|---|
| **CV /Beathaisnéis** | |
| **Samplaí de thionscadail nó d'imeachtaí** | |

---

**DON OIFIG AMHÁIN**

## Próiseas Measúnachta

**Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar na critéir thuasluaite agus orthu seo a leanas**

- Luach ealaíne.
- Luach ar airgead.
- Caighdéan an iarratais agus an smaoineamh (déan gach eolas agus is féidir a sholáthar bunaithe ar chritéir is aidhmeanna na scéime).
- Tionchar beartaithe ar an bpobal agus ar spriocphobal.
- Pleanáil airgeadais éifeachtach agus buiséadú.
- Deis aimsithe le hinbhuanaitheacht na dtaibhealaíon teangabunaithe Gaeilge a chothú.

Cuirfear iarrthóirí rathúla ar an eolas laistigh de mhí tar éis an spriocdháta.

**Riachtanais Tuairisce:**

1. Tá sé riachtanach go gcuirfidh gach iarratasóir rathúil tuairisc agus achoimre ar thoradh na gníomhaíochta ar fáil.
2. Maidir le suimeanna deontais atá faoi bhun €1,000, íocfar amach an deontas ina iomláine sula dtosóidh an ghníomhaíocht.

3. Maidir le suimeanna deontais idir €1,000 agus €2,500 íocfar amach 70% den deontas ag tús na gníomhaíochta agus 30% nuair atá an ghníomhaíocht críochnaithe agus na nithe seo a leanas curtha ar fáil:
   i) Fianaise ar chaiteachas (m.sh. admhálacha, foirm chostais an Oireachtais sínithe).
   ii) Foirm thuairisc comhlánaithe agus seolta isteach.
   iii) Doiciméadú amhail grianghraif, físeáin, fianaise phoiblíochta agus tuairiscí ó na meáin.

Méid atá á mholadh ó bhuiséad Scéim Fódú €

Oifigeach

Dáta

Údaraithe: ______________________

*Comhordaitheoir Náisiúnta*

Údaraithe

*Ceannasaí*

Dáta